# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ealaín

## Ardleibhéal

# Cumadóireacht Shamhlaíoch Ábhar Neamhbheo

Marcanna Iomlána 100

| **An Ardteistiméireacht 2011 Ealaín Ardleibhéal**<br>***Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo*** **Marcanna Iomlána 100** | | | |
|---|---|---|---|
| Féadfaidh na hiarrthóirí Cumadóireacht Theibí a chur i láthair tar éis Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo a roghnú. Áireofar ar na hábhair a fhéadfar a úsáid raon leathan páipéar agus meán lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach líníochta, dúch agus scuab, criáin, péint, cointé, etc. Beidh meascán de mheáin agus d'ábhair éagsúla inghlactha. | | | |
| A | **Léirmhíniú** | 20 | An méid a éiríonn leis an iarrthóir bunbhrí an tsleachta tuairisciúil a chur i bhfís agus a chur in iúl bunaithe ar an tuiscint agus ar an míniú sa dearadh den Chumadóireacht Shamhlaíoch nó de shocrú an Ábhair Neamhbheo.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• an bhaint leis an sliocht tuairisciúil<br>• ráiteas an iarrthóra. |
| B | **Cumadóireacht** | 20 | An méid a chumann agus a eagraíonn an iarrthóir spás déthoiseach.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• leagan amach na ngnéithe den Chumadóireacht Shamhlaíoch nó den Ábhar Neamhbheo ar bhealach pearsanta, dea-chothromaithe, comhchuí<br>• gnéithe ealaíne eagraíochta: spás dearfach agus diúltach, cothromaíocht, teannas, codarsnacht, scála etc.<br>• léiriú ag teacht leis an sliocht tuairisciúil. |
| C | **Gnéithe Ealaíne** | 20 | An méid a bhaineann an t-iarrthóir leas as gnéithe ealaíne.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• úsáid as gnéithe ealaíne: líne, ton, cruth, foirm, uigeacht, dath<br>• an tslí a gcuireann an léiriú 2T daingne in iúl trí aon mheán nó teicníc (nó meascán den phéire), lena n-áirítear líne. |
| D | **An Fhreagairt Chruthaitheach Phearsanta** | 20 | An méid a fhreagraíonn an t-iarrthóir go cruthaitheach agus go pearsanta don cheist.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• stíl indibhidiúil an iarrthóra ó thaobh úsáid na meán agus na n-ábhar mar fhreagairt don cheist roghnaithe i ndáil leis an sliocht tuairiscithe.<br>• na meáin, an stíl agus na gnéithe eispriseacha. |
| E | **An Saothar Críochnaithe** | 20 | An méid a léiríonn an t-iarrthóir oilteacht sna gnéithe teicniúla agus cumadóireachta a úsáidtear<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• scileanna teicniúla<br>• scileanna i ndáil le spriocanna a chomhlíonadh<br>• tionchar foriomlán an tsaothair chríochnaithe |
| | **Iomlán** | **100** | |

# Gréaschóiriú

Marcanna Iomlána 100

## An Ardteistiméireacht 2011 Ealaín Ardleibhéal
## Gréaschóiriú *100 Marc*

Tá raon leathan páipéir agus meán lena n-áirítear peann luaidhe, gualach líníochta, dúch agus scuab, criáin, péint, cointé, etc inghlactha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **A** | **Léirmhíniú** | **20** | An méid a éiríonn leis an iarrthóir an sliocht tuairisciúil a chur i bhfís agus chomh maith agus a éiríonn leis/léi úsáid a bhaint as smaoineamh a éiríonn as an sliocht chun moladh dearaidh a fhorbairt do cheird ar leith.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• léargas ginearálta ar láimhseáil na ceiste roghnaithe:<br>• an bhaint leis an gceist agus leis an sliocht tuairisciúil |
| **B** | **Réamhbhileog/ Forbairt** | **20** | An méid a éiríonn leis an iarrthóir smaointe a fhorbairt<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• breithniú smaointe éagsúla<br>• anailís ar smaointe<br>• smaointe a mheas<br>• smaointe a chur in iúl<br><br>• sceitsí agus sin amháin<br>• ceadaítear nodaireacht<br>• díreach ar an mbileog<br>• caillfear marcanna má bhítear ag cóipeáil díreach ón mbileog ullmhúcháin |
| **C** | **Cur i gcrích / gnéithe teicniúla (Féach na ceirdeanna éagsúla ar an gcairt)** | **20** | An méid a éiríonn le hiarrthóir na fadhbanna dearaidh intuigthe sa cheird/cheist roghnaithe a réiteach go fisiúil.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• oiriúnacht don cheist<br>• gnéithe teicniúla a cuireadh san áireamh |
| **D** | **An moladh dearaidh a chur i láthair** | **20** | An méid a éiríonn leis an iarrthóir an moladh dearaidh a chur i láthair i bhformáid atá oiriúnach.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• oiriúnacht na meán don mholadh/chur i láthair<br>• cumas teicniúil sa mheán roghnaithe agus oiriúnacht na n-ábhar don chur i láthair. |
| **E** | **Dearadh críochnaithe / tabhairt chun críche phróiseas an dearaidh** | **20** | An méid a léiríonn moladh dearaidh an iarrthóra coincheapa pearsanta agus é/í ag cur i gcrích phróiseas an dearaidh.<br>*Tagair dóibh seo a leanas*<br>• éifeacht fhoriomlán an tsaothair chríochnaithe<br>• cáilíocht fhoriomlán an dearaidh<br>• oilteacht sna gnéithe teicniúla agus cumadóireachta a úsáidtear |
| | **Iomlán** | **100** | |

**Gréaschóiriú (ar lean)**
**Mionléiriú ar Chuid C den Scéim mharcála: Cur i gcrích / gnéithe teicniúla**

| | |
|---|---|
| **Ceist 1 – Litreoireacht agus Peannaireacht**<br>léiriú<br>peannaireacht / litreoireacht<br>spásáil / leagan amach<br>comhréiteach<br>cothromaíocht | **Ceist 2 – Líonóilghearradh agus Priontáil**<br>líne / cruth<br>uigeacht<br>láidreacht / soiléire<br>forphriontáil<br>comhréiteach<br>cothromaíocht |
| **Ceist 3 – Fabraicphriontáil agus Baitíc**<br>patrún<br>cruth<br>teicnící: forphriontáil:<br>cur i bhfeidhm dathanna<br>comhréiteach<br>cothromaíocht | **Ceist 4 – Bróidnéireacht**<br>an rogha ábhar / meán / cúlra<br>plean maidir le hobair shnáthaide<br>teicnící<br>comhréiteach<br>cothromaíocht |
| **Ceist 5 – Fíodóireacht**<br>uigeacht a léiriú<br>plean na fíodóireachta<br>ábhair / snáth<br>comhréiteach<br>cothromaíocht | **Ceist 6 – Criadóireacht**<br>teicnící<br>struchtúr<br>feidhm / treoracha<br>glónrú / maisiú |
| **Ceist 7 – Puipéadacht**<br>feidhm / treoracha<br>cóimeáil<br>ábhair<br>carachtracht | **Ceist 8 – Leabharcheardaíocht**<br>ábhair<br>ceangal / naisc<br>íomhánna<br>litreoireacht<br>cóimeáil |
| **Ceist 9 –Dearadh Fógraíochta**<br>leagan amach<br>clóghrafaíocht<br>grafaic<br>dath | **Ceist 10 – Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**<br>teicníc<br>struchtúr<br>ábhair<br>feidhm / treoracha<br>críoch / solas |
| **Ceist 11 – Seiteanna Stáitse**<br>leagan amach<br>struchtúr<br>feidhm<br>tógáil / teicnící | |

# Sceitseáil Beo-Ábhair

Marcanna Iomlána 50

**An Ardteistiméireacht 2011 Ealaín Ardleibhéal**

***Sceitseáil Beo-Ábhair*** — ***Iomlán 50 marc***

Is féidir cineálacha éagsúla páipéir agus meáin éagsúla a úsáid lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach líníochta, dúch agus scuab, criáin, péint, cointé, etc. Beidh meascán de mheáin agus d'ábhair éagsúla

**Staidiúir 1:**

**Staidiúir ghearr (15 nóiméad)** ***20 marc*****:** tá raon leathan cur chuige cuí don Ardleibhéal inghlactha lena n-áirítear líníochtaí tapa gothaí. Tá cur in iúl an chomhthéacs cúlra inghlactha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| A | **Cumadóireacht** | 5 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>• cumadóireacht: úsáid na bileoige ina hiomláine; úsáid spáis idir dhearfach dhiúltach.<br>• ní mór iarracht a bhaint as an bhfíor iomlán sa staidiúir mar a luaitear ar an scrúdpháipéar. |
| B | **Comhréir** | 5 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>• cruinneas na líníochta ó thaobh na hanatamaíochta de: coibhneas na bpáirteanna leis an iomlán. |
| C | **Ton / Líne** | 5 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>• úsáid as solas agus scáth sa mheán roghnaithe de léiriú na foirme tríthoisí<br>• scáthú nó cáilíocht/meáchan na líne; úsáid na meán. |
| D | **Foirm / Méid** | 5 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>• cur i láthair 2T de dhaingne 3T an choirp trí aon mheán nó teicníc nó meascán díobh a úsáid, lena n-áirítear líne. |
| | **Iomlán** | 20 | |

**Staidiúir 2:**

**Staidiúir Fhada (30 nóiméad)** ***30 Marc*****:** staidéar níos mionsonraithe den chorp: cloigeann agus guaillí nó an fhíor iomlán. Tá líníochtaí an-mhionsonraithe agus líníocht atá eispriseach go mór inghlactha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| A | **Cumadóireacht** | 6 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>Cumadóireacht; úsáid as spás diúltach, úsáid na bileoige ina hiomláine, cur in iúl an chomhthéacs cúlra inghlactha.<br>an rogha phearsanta ábhar agus meán |
| B | **Comhréir** | 6 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>Cruinneas na líníochta ó thaobh na hanatamaíocht.<br>den fhíor iomlán nó an cloigeann agus guaillí/leathfhíor mar a luaitear sna treoracha don staidiúir |
| C | **Ton / Líne** | 6 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>Úsáid as solas agus scáth sa mheán agus sna hábhair roghnaithe .<br>Líníocht líne as a leanann léirmhíniú indibhidiúil agus freagairt eispriseach.<br>rogha phearsanta na n-ábhar agus stíl na meán. |
| D | **Foirm / Méid** | 6 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>Mar a chuireann an cur i láthair 2T daingne 3T an choirp in iúl trí aon mheán nó teicníc nó meascán díobh a úsáid, lena n-áirítear line. |
| E | **Mionsonraí** | 6 | <u>*Tagair dóibh seo a leanas*</u><br>Na mionsonraí i gcur i láthair gné/gnéithe den fhíor mar den fhíor iomlán nó den chloigeann agus na guaillí/leathfhíor mar a luaitear sna treoracha don staidiúir.<br>t-iarrthóir inniúlacht ó thaobh gnéithe teicniúla agus cumadóireachta. |
| | **Iomlán** | 30 | |

# Stair
# agus
# Léirthuiscint na hEalaíne

Marcanna Iomlána 150

## ROINN 1 – AN EALAÍN IN ÉIRINN

| C.1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Ainmnigh an dá shampla de sheodra muiníl atá léirithe ar an mbileog leis seo. | 5 |
| B | Déan cur síos agus plé ar Scomán Ghleann Insín le tagairt do thréimhse, ábhair, foirm, maisiú agus do na teicníochtaí a úsáidtear i dtáirgeacht. | 15 |
| C | Déan cur síos agus plé ar Mhuince Bhrú Íochtair le tagairt do thréimhse, ábhair, foirm, maisiú agus do na teicníochtaí a úsáidtear i dtáirgeacht. | 15 |
| D | Pléigh go hachomair ar thionchar stíl La Tène ar an ealaín Éireannach go déanach sa tréimhse luath-Chríostaí. | 10 |
| E | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.2 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Ainmnigh agus déan cur síos ar láthair adhlactha réamh-Chríostaí. | 10 |
| B | Ainmnigh agus déan cur síos ar shampla d'ailtireacht réamh-Chríostaí. | 10 |
| C | Pléigh an ráiteas le tagairt do chosúlachtaí sna hábhair agus sna teicníochtaí idir na samplaí a roghnaítear. | 10 |
| D | Pléigh go hachomair feidhmeanna éagsúla an dá shampla. | 10 |
| E | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| C.3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Pléigh na forbairtí stíle i lámhscríbhinní luath-Chríostaí. | 10 |
| B | Pléigh lámhscríbhinn 1 le tagairt do leagan amach, úsáid dathanna agus don chur chuige i leith maisiú. | 10 |
| C | Pléigh lámhscríbhinn 2 le tagairt do leagan amach, úsáid dathanna agus don chur chuige i leith maisiú. | 10 |
| D | Ainmnigh agus déan cur síos achomair ar an leathanach a roghnaítear den lámhscríbhinn. | 10 |
| E | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| C4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Ainmnigh an foirgneamh sa léaráid. | 5 |
| B | Plé ar phríomhghnéithe an fhoirgnimh sa léaráid. | 25 |
| C | Ainmnigh foirgneamh eile a dhear Gandon. | 5 |
| D | Pléigh achomair ar an sampla a roghnaítear. | 10 |
| E | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.5 | | *Marcanna* |
|---|---|---|
| A | Pléigh ar an ráiteas le tagairt ar an léaráid a thugtar 'Eas Chúirt an Phaoraigh'. | 15 |
| B | Déan plé ar an ráiteas le tagairt ar an léaráid a thugtar 'The Poachers'. | 15 |
| C | Déan comparáid achomair idir an dá shaothar atá léirithe | 5 |
| D | Scríobh cuntas gearr faoi cheachtar den bheirt ealaíontóirí. | 10 |
| E | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé ar an thionchar thírdhreach Iarthar na hÉireann ar shaothar le dá ealaíontóir díobh | 5 |
| B | Saothar ainmnithe de chuid Jack B. Yeats le tagairt d'ábhar, comhdhéanamh, dath agus do stíl. | 15 |
| C | Saothar ainmnithe de chuid Paul Henry le tagairt d'ábhar, comhdhéanamh, dath agus de stíl. | 15 |
| D | Ainmnigh pictuir amhain eile le gach ealaíontóir díobh | 5 |
| E | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| C.7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé ar an bpéintéireacht a léirítear le tagairt d'ábhar agus do chomhdhéanamh. | 20 |
| B | Plé ar an bpéintéireacht a léirítear le tagairt don stíl agus do na hábhair a úsáideadh. | 15 |
| C | Saothar amháin eile le Robert Ballagh a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 10 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

## ROINN II – EALAÍN NA hEORPA (1,000 AD – AN LÁ INNIU)

| C.8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Samplaí ainmnithe Rómhánúla agus Gotacha. | 10 |
| B | Cur síos agus comparáid a dhéanamh idir an Eaglais Rómhánúil le tagairt do scála, struchtúr, leagan amach agus do mhaisiú. | 10 |
| C | Cur síos agus comparáid a dhéanamh ar an Ard-Eaglais Ghotach le tagairt do scála, struchtúr, leagan amach agus do mhaisiú. | 10 |
| D | Sampla de dhealbhóireacht amháin Ghotach a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh uirthi. | 10 |
| E | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| C.9 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Cur síos agus plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le tagairt d'ábhar, do chomhdhéanamh, do na hábhair agus do na teicníochtaí a úsáidtear ina tháirgeacht. | 25 |
| B | Tagairt a dhéanamh don tréimhse ina ndearnadh é. | 5 |
| C | Saothar amháin eile le Donatello a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C10 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Cur síos agus plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le tagairt d'ábhar/théama agus do chomhdhéanamh. | 15 |
| B | Cur síos agus plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le tagairt do theicníocht agus do conas mar a déileáladh leis an bhfíor dhaonna. | 15 |
| C | Sampla de shaothar amháin dealbhóireachta Michelangelo a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.11 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Déan plé ar ról an taoibh istigh de theach cónaithe mar ábhar d'ealaíontóirí na hOllainne sa 17ú haois agus tú ag tagairt don léaráid a thugtar. | 10 |
| B | Cur síos agus plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le tagairt do stíl, do chomhdhéanamh agus do láimhseáil ábhar. | 20 |
| C | Saothar amháin eile le healaíontóir eile den tréimhse seo a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.12 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé a dhéanamh ar ar chuir Manet le forbairt phéintéireacht na 19ú haois. | 10 |
| B | Plé sonrach a dhéanamh ar an léaráid a thugtar. | 20 |
| C | Saothar amháin eile le Manet a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.13 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé a dhéanamh ar na nuálaíochtaí a thug an Ciúbachas leis in ealaín an 20ú haois. | 10 |
| B | Plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le Picasso agus tagairt a dhéanamh do thionchar, ábhar, comhdhéanamh agus do na teicníochtaí a úsáideadh. | 20 |
| C | Saothar amháin eile le healaíontóir difriúil Ciúbaíoch a ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | 50 |

| C.14 | | Marcanna |
| --- | --- | --- |
| A | Ainm an tsaothair a oireann don chatagóir. | 5 |
| B | Plé a dhéanamh ar an saothar a roghnaítear agus tagairt a dhéanamh don ealaíontóir/ailtire, stíl, comhdhéanamh/dearadh, ábhair, teicníocht agus don tréimhse ina ndearnadh é. | 20 |
| C | Saothar amháin eile le healaíontóir/ailtire ata roghnaíthe agat agus  ainmniú agus plé achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| .15 | | Marcanna |
| --- | --- | --- |
| A | Cur síos ar phríomhthréithe na gluaiseachta a roghnaítear. | 20 |
| B | Ealaíontóir/ailtire agus saothar a ainmniú ón ngluaiseacht nó ón stíl a roghnaítear. | 10 |
| C | Cur síos agus plé achomair a dhéanamh ar an sampla a roghnaítear. | 10 |
| D | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

## LÉIRTHUISCINT GHINEARÁLTA

| C.16 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas a thugtar. | 10 |
| B | Plé ar an scannán Pixar a roghnaítear. | 15 |
| C | Plé achomhair a dhéanamh ar dhá theicníocht um dhéanamh scannáin a dhéanann na scannáin seo chomh mealltach sin ó amharc. | 15 |
| D | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| C.17 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas a thugtar. | 10 |
| B | Ainm ar an droichid a roghnaítear – stairiúil nó nua-aimseartha. | 5 |
| C | Plé ar an droichead a roghnaítear le tagairt do stíl, ábhair, feidhm agus do thionchar amhairc. | 25 |
| D | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |

| C.18 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Ainm na dánlainne, na hiarsmalainne nó an ionaid léirithe ar thug tú cuairt | 5 |
| B | Cur síos agus plé ar chur i láthair agus ar leagan amach an taispeántais ar thug tú cuairt. | 15 |
| C | Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina bhféadfadh an taithí cabhrú leat le taispeántas a eagrú i do scoil féin. | 10 |
| D | Cur síos achomair ar shaothar amháin ó dhánlann ar ar thug tú cuairt. | 10 |
| E | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |
| | | |

| C.19 | | *Marcanna* |
|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas a thugtar. | 10 |
| B | Plé ar an ráiteas le tagairt do na léaráidí a thugtar. | 20 |
| C | Cur síos achomair ar conas dearadh a fhorbairt le haghaidh earra ceardaíochta de do rogha fein bunaithe ar bhruach abhann. | 15 |
| D | Sceitsí | 5 |
| | Iomlán | *50* |

| C.20 | | Marcanna |
|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas le tagairt d'aon táirge athchúrsáilte. | 10 |
| B | Plé ar tháirge athchúrsáilte le tagairt d'ábhair, dearadh, feidhm, foirm agus do bhailchríoch. | 15 |
| C | Saothar ealaíne nó táirge is féidir a chruthú leis na hearraí atá ar fáil in aráid athchúrsála na scoile a dhearadh agus cur síos achomair a dhéanamh air. | 15 |
| D | Sceitsí | 10 |
| | Iomlán | 50 |
| | | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2011

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 16 Meitheamh** **Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

***Treoracha***

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

## ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Samplaí de mhiotalóireacht réamh-Chríostaí iad an dá shampla de sheodra muiníl ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar an dá shampla. Déan tagairt don tréimhse ina ndearnadh iad, do na hábhair, don fhoirm, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Pléigh go hachomair tionchar stíl La Tène ar an ealaín Éireannach go déanach sa tréimhse luath-Chríostaí.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Tá cosúlachtaí áirithe idir na teicníochtaí tógála a úsáidtear i suímh adhlactha réamh-Chríostaí agus teicníochtaí na hailtireachta luath-Chríostaí. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt go mion do na cosúlachtaí sna bunábhair agus sna teicníochtaí idir sampla ainmnithe réamh-Chríostaí amháin agus sampla ainmnithe luath-Chríostaí amháin.
**agus**
Déan plé achomair ar fheidhmeanna éagsúla na samplaí atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Déan plé ar na forbairtí stíle i lámhscríbhinní luath-Chríostaí ón gCathach go dtí Leabhar Cheanannais. Déan tagairt i do fhreagra don leagan amach, dath(anna) agus an cur chuige sa mhaisiúchán.
**agus**
Ainmnigh leathanach amháin as lámhscríbhinn ar bith de do rogha agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Ainmnigh an foirgneamh a dhear James Gandon (1743-1823), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo,*** agus déan plé ar a phríomhghnéithe.
**agus**
Ainmnigh agus déan cur síos achomair ar fhoirgneamh amháin eile a dhear Gandon.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** D'fhéadfá a rá go léiríonn na pictiúir **'Eas Chúirt an Phaoraigh'** le George Barret (1728/32-1784) agus **'Na Póitseálaithe'** le James Arthur O'Connor (c. 1792-1841) dearcadh rómánsúil ar an dúlra. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag déanamh comparáide idir an dá shaothar atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
**agus**
Scríobh cuntas gearr faoi cheachtar den bheirt ealaíontóirí.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Déan plé ar thionchar thírdhreach Iarthar na hÉireann ar shaothar Jack B. Yeats (1871-1957) agus ar shaothar Paul Henry (1876-1958) agus tú ag tagairt go mion do phictiúr ainmnithe amháin le gach ealaíontóir. Déan tagairt i do fhreagra don ábhar, comhdhéanamh, dath(anna) agus stíl.
**agus**
Ainmnigh pictiúr amháin eile le gach ealaíontóir díobh.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Déan plé ar an bpictiúr '**Portráid de Nollag de Brún'** le Robert Ballagh (b. 1943) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan tagairt i do fhreagra don ábhar, comhdhéanamh, stíl agus na bunábhair a úsáideadh.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Robert Ballagh agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Déan plé ar na bealaí ina bhfuil na príomhghnéithe ailtireachta agus maisiúla d'eaglaisí Rómhánúla éagsúil leis na príomhghnéithe céanna de na hardeaglaisí Gotacha. Ainmnigh eaglais Rómhánúil amháin agus ardeaglais Ghotach amháin i do fhreagra, agus tú ag tagairt go mion dá scála, struchtúr, leagan amach agus maisiúchán.
**agus**
Ainmnigh sampla amháin de dhealbhóireacht Ghotach a ndearna tú staidéar air agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Déan cur síos agus plé ar '**Gattamelata'**, píosa dealbhóireachta le Donatello (1386-1466) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan tagairt don tréimhse ina ndearnadh é, don ábhar, don chomhdhéanamh, do na bunábhair agus do na teicníochtaí a úsáideach chun é a dhéanamh.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Donatello agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Déan cur síos agus plé ar an bpainéal le Michelangelo (1475-1564) ón Séipéal Sistíneach atá ***léirithe ar an mbileog leis seo,*** agus tú ag tagairt d'ábhar/téama, comhdhéanamh, teicníocht agus láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh ceann amháin de phíosaí dealbhóireachta Michelangelo agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Déan plé ar an ról an taobh istigh de theach cónaithe mar ábhar d'ealaíontóirí na hOllainne sa 17ú haois, agus tú ag tagairt do **'Fear ag Scríobh Litreach**' le Gabriel Metsu (1629 -1667) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus déan tagairt don stíl, comhdhéanamh agus do láimhseáil na mbunábhar.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin le healaíontóir eile den tréimhse seo agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Déan plé ar an tionchar a bhí ag Edouard Manet (1832-1883) ar fhorbairt na péintéireachta sa 19ú haois. Déan tagairt go mion dá phictiúr, '**Le Déjeuner sur l'Herbe**', atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Edouard Manet agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Déan cur síos agus plé ar na nuafhorbairtí a rinne an Ciúbachas ar ealaín an fhichiú haois. Déan tagairt do '**Les Demoiselles d'Avignon'** le Pablo Picasso (1881-1973) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus do na tionchair, don ábhar, comhdhéanamh agus do na teicníochtaí a úsáideadh.
**agus**
Ainmnigh saothar eile le healaíontóir Ciúbach eile agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- pictiúr ina léirítear damhsóirí
- pictiúr ina bhfuil uirlis cheoil
- saothar le Ghiberti (1378-1455)
- saothar le Peter Paul Rubens (1577-1640)
- foirgneamh le Le Corbusier (1887-1965).

(b) Déan plé mion ar an saothar a roghnaigh tú, agus tú ag tagairt don ealaíontóir / ailtire, don stíl, don chomhdhéanamh/dearadh, do na bunábhair, don teicníocht agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh saothar amháin eile leis an **ealaíontóir/ailtire** atá roghnaithe agat agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Déan cur síos mion ar na príomhthréithe de cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- An stíl Ghotach Idirnáisiúnta
- Nuachlasaiceachas
- Pointíleachas
- An Bauhaus.

**agus**

Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra.*

## ROINN III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Tá rath Pixar Animation Studios fréamhaithe go daingean sa tuiscint gur chóir go mbeadh domhan na beochana bunaithe ar an domhan fíor. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do cheann ar bith de léiriúcháin Pixar, ar nós Toy Story 1, 2 agus 3, The Incredibles, Monsters Inc, Wall-E agus Up.

**agus**

Déan plé mion ar dhá theicníocht scannánaíochta a dhéanann na scannáin seo chomh tarraingteach sin ó thaobh an amhairc de.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is struchtúir fheidhmiúla iad droichid ar féidir láithreacht láidir dealbhóireachta a bheith acu, ina gcruthaítear éifeachtacht bhuan ó thaobh an amhairc de ar a dtimpeallacht. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do dhroichead ainmnithe ar bith, ceann stairiúil nó ceann nua-aimseartha. Déan tagairt i do fhreagra don stíl, do na bunábhair, don fheidhm agus don tionchar ón taobh radhairc a bhíonn ag an droichead.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Déan cur síos agus plé ar chur i láthair agus ar an leagan amach taispeántais i ngailearaí, músaem nó ionad léirmhínithe ainmnithe ar thug tú cuairt air le déanaí.

(b) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina bhféadfadh an taithí cabhrú leat le taispeántas a eagrú i do scoil féin don lá oscailte.

(c) Déan cur síos achomair ar shaothar amháin a chuaigh i bhfeidhm ort le linn do chuairte agus ainmnigh an t-ealaíontóir.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Bhí domhan an dúlra i gcónaí ina fhoinse spreagthach do dhearthóirí agus do cheardaithe. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do na ***léaráidí ar an mbileog leis seo***.

**agus**

Déan cur síos achomair ar an gcaoi a bhforbrófá dearadh d'earra ceardaíochta de do rogha féin bunaithe ar an staidéar atá déanta agat ar bhruach abhann.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** D'fhéadfadh an chaoi ina n-athraítear bunábhair athchúrsáilte ina dtáirgí nuálacha a bheith ina réiteach ar dhiúscairt dramhaíola. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do tháirge dá leithéid. Déan tagairt i do fhreagra do na bunabhair, dearagh, don feidhm, don fhoirm agus don bhailchríoch.

**agus**

Dear saothar ealaíne nó táirge is dóigh leat a d'fhéadfaí a dhéanamh as na bunábhair i mbosca athchúrsála bruscair do scoile agus déan cur síos achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**